Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9249/20**

**FIN 418**
**FC 52**
**FSTR 121**
**SOC 431**
**REGIO 159**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8837/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Implementing Cohesion policy: comparatively low costs, but insufficient information to assess simplification savings [An beartas comhtháthaithe a chur chun feidhme: costais réasúnta íseal, ach easpa faisnéise chun coigiltis simpliúcháin a mheas]<br>– Conclúidí ón gComhairle (29 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 7/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Implementing Cohesion policy: comparatively low costs, but insufficient information to assess simplification savings* [An beartas comhtháthaithe a chur chun feidhme: costais réasúnta íseal, ach easpa faisnéise chun coigiltis simpliúcháin a mheas], a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn an 29 Meitheamh 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

***Implementing Cohesion policy: comparatively low costs, but insufficient information to assess simplification savings* [An beartas comhtháthaithe a chur chun feidhme: costais réasúnta íseal, ach easpa faisnéise chun coigiltis simpliúcháin a mheas]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) agus barúlacha an Choimisiúin maidir leis an Tuarascáil.

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh iniúchadh na Cúirte a ndéantar cur síos uirthi sa Tuarascáil dírithe ar scrúdú ar na sonraí maidir le costais agus ar na nósanna imeachta gaolmhara do chlárthréimhse 2014-2020 go príomha agus gur cumhdaíodh ann obair an Choimisiúin agus na n-údarás a roghnaíodh sna Ballstáit atá freagrach as na sonraí maidir le costais - sonraí a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe a chur chun feidhme trí chláir oibríochtúla - a bhailiú, a úsáid, a thaifeadadh, a fhíorú agus a thuairisciú.

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain ar na costais a bhaineann le cistí an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme ach ba cheart dó sin a bheith níos comhsheasmhaí le himeacht ama;

- Bíonn an cineál costas a dhearbhaítear éagsúil ó údarás go húdarás, fiú laistigh de Bhallstáit aonair áirithe, agus tugtar faisnéis neamhiomlán maidir le costais riaracháin mar thoradh air sin;

- Cé go raibh na sonraí ionchuir ó na Ballstáit teoranta i gcásanna áirithe, léirítear i staidéar *ad hoc* ón gCoimisiún in 2018 ina ndearnadh meastachán ar chostais riaracháin go bhféadfadh na costais sin a bheith réasúnta íseal i gcás Ballstát agus cláir faoi leith;

- Ní fhéadfadh na sonraí a bhailigh an Coimisiún cur go héifeachtach leis an measúnú tionchair i ndáil le simpliú rialacha an Aontais maidir le cistí an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme.

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an costas foriomlán a bhaineann le cistí an bheartais comhtháthaithe arna gcur i láthair ag an gCoimisiún a chur chun feidhme réasúnta íseal i gcomparáid le cistí eile de chuid an Aontais agus le cláir eile de chuid an Aontais agus le cláir atá cistithe ar an leibhéal idirnáisiúnta.

(5) MEASANN SÍ go gcuireann an Tuarascáil seo le machnamh an Choimisiúin agus na mBallstát ar an gcaoi le tuilleadh feabhais a chur ar a gcuid oibre i ndáil le nósanna imeachta a bhaineann le sonraí maidir le costais chun cistí an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart líon thairbhithe na mbeartas agus na gclár sin a chur san áireamh i staidéir chomparáideacha a dhéanfar amach anseo.

(6) TAGANN SÍ ar an mórgóir le tuairimí an Choimisiúin faoi na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe:

- Chun ráta suntasach freagartha staidéir a áirithiú, ba cheart don Choimisiún feabhas a chur ar an gcur chuige i leith staidéar ar chostais riaracháin tríd an méid a scrúdófar agus cathain a scrúdófar é a fhógairt ag céim luath den chlárthréimhse;

- A luaithe a bheidh dul chun cinn leordhóthanach déanta maidir le cur chun feidhme an chláir, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar baineadh amach coigiltis mheasta ar chostais riaracháin;

- Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta riaracháin agus samplaí de chleachtais agus nósanna imeachta éifeachtacha riaracháin a scaipeadh ar údaráis ábhartha uile na mBallstát; níor cheart, áfach, go méadófaí an t-ualach riaracháin mar thoradh ar na measúnuithe sin.